AN CISTE DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA

Trí Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, cuirtear ar chumas AE tacaíocht airgeadais a thabhairt do Bhallstát, do thír aontachais nó do réigiún sa chás ina dtarlaíonn mórthubaiste nádúrtha.

BUNÚS DLÍ

An tríú mír d'Airteagal 175, Airteagal 212(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus Rialachán (AE) Uimh. 661/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh.

CUSPÓIRÍ

Trí Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE), cuirtear ar chumas AE, ag feidhmiú dó mar chomhlacht, tacaíocht éifeachtach a thabhairt do Bhallstát, nó do thír aontachais, ina chuid iarrachtaí déileáil le tionchair mórthubaiste nádúrtha. Trí CDAE, nach gcumhdaítear le buiséad AE, is féidir suas le EUR 500 milliún (praghsanna 2011) a chur ar fáil gach bliain chun an caiteachas poiblí ar oibríochtaí éigeandála arna ndéanamh ag an mBallstát / ag na Ballstáit lena mbaineann a fhorlíonadh.

BUISÉAD AGUS A BHFUIL BAINTE AMACH

Bunaíodh CDAE faoi Rialachán 2012/2002 an 11 Samhain 2002 mar fhreagairt do na tuilte tubaisteacha a bhuail lár na hEorpa i samhradh na bliana 2002. Ó shin i leith, tá tacaíocht faighte tríd an gCiste ag 80 tubaiste — lena n-áirítear tuilte, dóiteáin foraoise, creathanna talún, stoirmeacha agus triomach — i 24 thír Eorpacha éagsúla agus is fiú níos mó ná EUR 5 bhilliún an tacaíocht sin san iomlán.

A. Raon feidhme agus incháilitheacht

Is ann do CFAE go príomha chun cúnamh a thabhairt sa chás ina dtarlaíonn mórthubaiste nádúrtha a mbíonn iarmhairtí tromchúiseacha aici do dhálaí maireachtála, don chomhshaol nó don gheilleagar i réigiún amháin nó níos mó i mBallstát nó i réigiún amháin nó níos mó i dtír atá ag cur isteach ar aontachas. Meastar tubaiste nádúrtha a bheith ina 'mórthubaiste' má bhíonn damáiste díreach (sa Bhallstát nó sa tír atá ag cur isteach ar aontachas) os cionn EUR 3 bhilliún (praghsanna 2011) nó níos mó ná 0.6% d'ollioncam náisiúnta an Bhallstáit is tairbhí mar thoradh uirthi.

Sainmhínítear 'tubaiste nádúrtha réigiúnach' freisin mar aon tubaiste nádúrtha i réigiún NUTS 2 as a n-eascraíonn damáiste díreach atá os cionn 1.5% d'olltáirgeacht intíre (OTI) an réigiúin sin. Maidir leis na réigiúin is forimeallaí, de réir bhrí Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá an tairseach dheireanach sin socraithe ag 1% den olltáirgeacht intíre réigiúnach.

1. Bearta

Is é is foirm do chúnamh ó CDAE ná deontas chun an caiteachas poiblí arna dhéanamh ag an mBallstát is tairbhí a fhorlíonadh agus tá sé mar aidhm leis bearta a mhaoiniú chun maolú a dhéanamh ar dhamáiste, atá, i bprionsabal, neamhinárachaithe. Seo a leanas bearta práinneacha atá incháilithe chun maoiniú a fháil:

— bonneagar agus monarchana trína soláthraítear fuinneamh, uisce óil, diúscairt fuíolluisce, teileachumarsáid, iompar, cúram sláinte agus oideachas a thabhairt ar ais chun feidhme láithreach;

— lóistín sealadach a sholáthar agus seirbhisí tarrthála a mhaoiniú chun freastal ar riachtanais an daonra atá buailte;

— bonneagar coisctheach a chomhdhlúthú láithreach agus laithreáin oidhreachta cultúrtha a chosaint;

— limistéir ar bhuail tubaiste iad a ghlanadh, lena n-áirítear criosanna nádúrtha.

2. Tíolacadh an iarratais

Ní mór don Bhallstát lena mbaineann iarratas ar chúnamh ó CDAE a chur faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 12 sheachtain tar éis do chéad éifeachtaí na tubaiste teacht chun solais. Ní mór dó meastachán a dhéanamh ar an damáiste díreach iomlán arna theacht den tubaiste nádúrtha agus ar a tionchar sin ar an daonra, ar an ngeilleagar agus ar an gcomhshaol lena mbaineann, chomh maith le meastachán a dhéanamh ar chostais na mbeart is gá, agus léiriú a thabhairt ar aon fhoinsí eile cistiúcháin mar aon le reachtaíocht an Aontais maidir le baol tubaiste a chosc agus a bhainistiú a bhaineann le cineál na tubaiste nádúrtha a chur chun feidhme.

3. Cur chun feidhme

An nós imeachta maidir le deontas a leithdháileadh, agus an nós imeachta buiséadach ina dhiaidh, is féidir roinnt míonna a bheith i gceist leo. An túisce a bhíonn na leithreasaí curtha ar fáil, tugann an Coimisiún comhaontú i gcrích leis an mBallstát is tairbhí agus deonaíonn sé deontas.

Le hathchóiriú 2014, tugadh isteach an fhéidearthacht do na Ballstáit réamhíocaíochtaí a iarraidh, arb é an Coimisiún a dhéanann cinneadh maidir lena ndeonú, má bhíonn acmhainní leordhóthanacha ar fáil. Ní féidir le méid an airleacain a bheith níos mó ná 10% de shuim ionchais iomlán na ranníocaíochta airgeadais ó CDAE, agus tá uasteorainn EUR 30 milliún leis.

Tá an Ballstát is tairbhí freagrach as an deontas a úsáid agus as iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitear é (féadfaidh an Coimisiún, áfach, seiceálacha ar an láthair a dhéanamh ar na hoibríochtaí arna gcistiú trí CDAE). Is féidir bearta éigeandála a chistiú go cúlghabhálach chun oibríochtaí a chumhdach ón gcéad lá den tubaiste ar aghaidh.

Ní féidir bearta a mhaoiniú faoi dhó, agus is é freagracht an Bhallstáit is tairbhí é a áirithiú nach ndéanfar na costais a chumhdaítear faoi CDAE a chumhdach le hionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais (go háirithe le hionstraimí beartais comhtháthaithe, talmhaíochta nó iascaigh).

4. Úsáid an deontais

Ní mór an deontas a úsáid laistigh de 18 mí ón dáta a leithdháileadh é. Ní mór don Bhallstát is tairbhí aon chuid den deontas a fhanann gan úsáid a aisíoc. Sé mhí tar éis don tréimhse 18 mí dul in éag, ní mór dó tuarascáil cur chun feidhme a thíolacadh don Choimisiún. Ní mór sonraí a bheith sa doiciméad sin maidir leis an gcaiteachas atá incháilithe chun tacaíocht a fháil ó CDAE agus leis an maoiniú eile uile a fuarthas, lena n-áirítear socraíochtaí árachais agus cúiteamh ó thríú páirtithe.

5. Tuarascáil bhliantúil agus seiceálacha ag an gCúirt Iniúchóirí

Tíolacann an Coimisiún tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí CDAE. Baineann an tuarascáil bhliantúil is déanaí le 2016 agus léirítear inti go bhfuair an Coimisiún sé cinn d'iarratais in imeacht na bliana: ón nGréig (an crith talún in Lefkada); ón Ríocht Aontaithe (tuilte); ón nGearmáin (tuilte sa Bhaváir Íochtarach); ón gCipir (triomach agus tinte); ón bPortaingéil (tinte i Maidéara); ón Iodáil (creathanna talún). Bhí an Coimisiún fabhrach i leith na gcásanna uile a luadh: maidir leis an gcrith talún sa Ghréig agus leis na tuilte sa Ghearmáin, rinneadh CDAE a shlógadh ina leith in 2016, agus maidir leis an gceithre iarratas eile, rinneadh cinntí ina leith go luath in 2017. De réir na tuarascála bliantúla sin, cuireadh clabhsúr ar cheithre nós imeachta idirghabhála de chuid an Chiste Dlúthpháirtíochta le linn 2016.

I dtuarascáil speisialta ón gCúirt Iniúchóirí in 2012, scrúdaíodh an crith talún in L'Aquila, i réigiún Abruzzo na hIodáile, a tharla in 2009. Ba í an tubaiste nádúrtha ba thromchúisí í a raibh ar CDAE dul i ngleic léi ón uair a cruthaíodh é. Ba mhó ná EUR 500 milliún san iomlán é an cúiteamh a tugadh. De réir na tuarascála, cé is moite de thionscadal amháin (CASE) a bhí mós casta, rinneadh an rialachán a chomhlíonadh sna tionscadail uile a maoiníodh.

B. Athchóiriú 2014 ar CDAE

In 2005, bhí moltaí curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún chun raon feidhme na hidirghabhála a leathnú agus chun ísliú a dhéanamh ar na tairseacha idirghabhála lena spreagtar maoiniú a scaoileadh, ach bhí bac curtha ar na moltaí sin ag formhór na mBallstát. Chun teacht as an staid, bhí molta ag an gCoimisiún, sa teachtaireacht uaidh maidir le Todhchaí Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh an 6 Deireadh Fómhair 2011, bealaí chun feabhas a chur ar fheidhmiú an Chiste, ach níor tháinig de sin go ndeachthas den phlé an athuair. An 25 Iúil 2013, thíolaic an Coimisiún togra reachtach nua, a ndearnadh caibidlíocht ina leith ina dhiaidh sin faoin ngnáthnós imeachta reachtach, agus tharla, dá bharr, gur tháinig Rialachán leasaitheach (AE) Uimh. 661/2014 an 15 Bealtaine 2014 i bhfeidhm. Leis na rialacha nua faoina rialaítear cur chun feidhme CDAE, tugtar isteach na gnéithe seo a leanas:

— nós imeachta níos gasta as a n-eascraíonn íocaíocht, réamhíocaíochtaí a thabhairt isteach, agus níos mó ama a thabhairt do thíortha tairbhíocha na deontais atá ar fáil dóibh a úsáid (arna fhadú ó 12 mhí go 18 mí);

— soiléiriú ar an raon feidhme agus ar na rialacha incháilitheachta;

— níos mó béime ar éifeachtaí na dtubaistí nádúrtha a chosc agus a mhaolú.

C. Bearta simpliúcháin atá sa Rialachán Omnibus

San áireamh sa ‘Rialachán Omnibus’(Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 an 18 Iúil 2013 ina bhfuil an Rialachán Airgeadais agus lena leasaítear roinnt rialachán ag an am céanna), ar rialachán casta é, tá slógadh simplithe (dréachtbhuiséid leasaitheacha), nósanna imeachta aistrithe agus tabhairt anonn uathoibríoch leithreasaí gealltanais i gcás Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Sa rún uaithi an 15 Eanáir 2013 maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm[1], leag an Pharlaimint béim ar thábhacht CDAE mar an phríomhuirlis lena leomhtar do AE freagairt do thubaistí tromchúiseacha. Ag an am céanna, cháin sí an t-achar fada ama do-ghlactha a ghlactar chun cúnamh a thabhairt do réigiúin nó Ballstáit atá buailte, agus d’éiligh sí go laghdófaí na moilleanna sin trí shimpliú a dhéanamh ar na nósanna imeachta ábhartha agus trí chead a thabhairt réamhíocaíochtaí a dhéanamh, ar gnéithe iad a cuireadh san áireamh sa togra reachtach nua ó mhí Iúil 2013. Rinneadh moltaí eile ón bParlaimint a ionchorprú sa togra ón gCoimisiún freisin, amhail an sainmhíniú níos soiléire agus níos cruinne ar an gcoincheap maidir le tubaistí, agus ar raon feidhme na hidirghabhála, chun laghdú a dhéanamh ar an amhras atá ar go leor Ballstát atá i gcoinne athchóiriú ar an ionstraim sin de chuid an Aontais.

Ar bhonn an togra thuasluaite ón gCoimisiún ó mhí Iúil 2013, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle araon a seasaimh faoi seach, ar ar a mbonn a ndeachthas i mbun caibidlíochtaí idirinstitiúideacha i mí Feabhra 2014, agus tar éis trí cinn de chruinnithe, thángthas ar chomhréiteach ar an gcéad léamh faoin ngnáthnós imeachta reachtach. Tháinig na rialacha nua i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2014.

Bhí tacaíocht láidir don nós imeachta maidir le réamhíocaíocht ina cuid de sheasamh caibidlíochta na Parlaiminte. An fhoráil nua sin, a scrios an Chomhairle i dtús báire, tá sí ina cuid den chomhréiteach ar thángthas air (mar aon leis an tairseach dá bhforáiltear sa togra ón gCoimisiún, i.e. 10% suas go huasteorainn de EUR 30 milliún).

Maidir leis an tairseach le haghaidh incháilitheacht tubaistí nádúrtha, cloíodh sa chomhaontú deiridh leis an ráta 5% de OTI réigiúnach, amhail mar a fhoráiltear sa togra ón gCoimisiún, ach d’éirigh leis an bParlaimint tairseach níos ísle de 1% de OTI a bhaint amach i gcás na réigiún is forimeallaí san Aontas Eorpach. I measc na ngnóthachtálacha eile tá an teorainn ama do na Ballstáit chun iarratais a thíolacadh a fhadú go 12 sheachtain (ba é 10 seachtaine seasamh an Choimisiúin agus na Comhairle), sprioc-am 6- seachtaine a thabhairt isteach don Choimisiún chun iarratasóirí a fhreagairt, agus an tréimhse ina n-úsáidtear ranníocaíochtaí ó CDAE a fhadú go 18 mí (ba é 12 mhí seasamh an Choimisiúin agus na Comhairle).

[1]IO C 440, 30.12.2015, lch. 13.

Níl an cúnamh teicniúil incháilithe, i bprionsabal, chun tacaíocht a fháil, ach le seasamh na Parlaiminte tugadh isteach maolú ar an bhforáil sin agus tugadh aird air sa chomhréiteach: costais chúnaimh theicniúil atá ceangailte go díreach le hullmhú agus le cur chun feidhme tionscadal, tá siad incháilithe chun maoiniú a fháil.

Sa rún uaithi an 1 Nollaig 2016 maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh: measúnú[2], chuir an Pharlaimint i bhfios 'tábhacht athbhreithniú 2014, a ndearnadh an bac sa Chomhairle a shárú trína bhíthin, agus a bhí ina fhreagairt dhéanach don iliomad éileamh ón bParlaimint go gcuirfí feabhas ar an bhfreagrúlacht agus ar an éifeachtacht i dtaca le cúnamh de, chun freagairt mhear agus thrédhearcach a áirithiú mar thacaíocht do phobail atá buailte ag tubaistí nádúrtha'.

Ba dhíol sásaimh don Pharlaimint iad na forálacha nua a mhol an Coimisiún sa Rialachán Omnibus thuasluaite agus, ina cáil mar chomhreachtóir, faoin ngnáthnós imeachta reachtach, thacaigh sí leis na hathruithe as a dtiocfaidh simpliú agus slógadh níos fusa cistiúcháin.

Marek Kołodziejski
01/2020

[2]IO C 224, 27.6.2018, lch. 140.